Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9508/24**

**COHOM 100**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Bealtaine 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 a ailíniú leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i dtaca le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 a ailíniú leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4028ú cruinniú a bhí aici an 27 Bealtaine 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 a ailíniú leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027**

1. Leagann an Chomhairle béim ar chur chuige comhchoiteann Fhoireann na hEorpa chun gealltanais Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2020-2024 a chur chun feidhme ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus náisiúnta, lena n-áirítear trí obair Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, an Choimisiúin Eorpaigh, Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine, na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, Thoscaireachtaí agus Oifigí an Aontais, mhisin agus oibríochtaí CBSC agus rannchuidiú na mBallstát agus chomhpháirtithe na sochaí sibhialta.

2. Cuireadh an Plean Gníomhaíochta chun feidhme i dtimpeallacht idirnáisiúnta ina bhfuil méadú tagtha ar choinbhleachtaí armtha, ar an údarásaíochas, agus ar bhrú siar ar fud an domhain i gcoinne chearta an duine, lena n-áirítear an comhionannas inscne. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle iarrachtaí láidre an Aontais tacú leis an iltaobhachas lena gcuirtear chun cinn an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe ina bhfuil córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine ina chroílár aige. Cuireann an tAontas in iúl an athuair go bhfuil sé tiomanta do chearta uile an duine mar chearta uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara, bídís ina gcearta sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus do theidlíocht gach duine réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus do rannpháirtíocht, *inter alia*, na hóige, na gcailíní agus na mban, daoine faoi mhíchumas agus daoine LGBTI, agus do chosaint dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe, lena n-áirítear leanaí. Leis an gcúlú daonlathach ar fud an domhain, leis an gcreimeadh leanúnach ar chearta an duine, leis an mbréagaisnéis agus leis an úsáid mhailíseach a bhaintear as teicneolaíochtaí atá ag athrú go tapa, dearbhaítear an gá atá le gníomhaíocht dhaingean éifeachtach chomhleanúnach chun cearta an duine agus prionsabail agus luachanna daonlathacha a chaomhnú agus a chur chun cinn, chun iad a chomhtháthú a thuilleadh i mbeartais sheachtracha uile an Aontais agus chun a ríthábhachtaí atá siad do shochaithe síochánta rathúla a léiriú.

3. Tá sé ríthábhachtach an Plean Gníomhaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear tríd an gClár Téamach maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda don tréimhse 2021-2027, atá fréamhaithe go daingean i gcuspóirí agus i dtosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta, chun tacaíocht láidir leanúnach a áirithiú chun an daonlathas a chosaint agus chun urraim do chearta an duine a chur chun cinn.

4. Tugann an Chomhairle dá haire gurb é tátal an Athbhreithnithe Meántéarma ar an bPlean Gníomhaíochta go bhfuil na tosaíochtaí fós bailí agus gur bhain an Plean Gníomhaíochta seo tairbhe as an ailíniú a bhain sé amach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha. Ba cheart leanúint den ailíniú ríthábhachtach sin, ós rud é gur cheadaigh sé do chláir théamacha agus gheografacha ábhartha rannchuidiú go díreach le cur chun feidhme thosaíochtaí an Phlean Gníomhaíochta, agus ar an gcaoi sin rinneadh tionchar agus éifeachtacht an phlean a áirithiú.

5. Leis seo, d'fhonn an tsineirge idir an Plean Gníomhaíochta agus na cláir théamacha agus gheografacha a uasmhéadú, cuirtear síneadh le Plean Gníomhaíochta 2020-2024 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas go dtí 2027 chun é a ailíniú le timthriall iomlán Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais i ndáil lecur chuige domhanda iomlánaíoch a chur chun cinn chun sochaithe athléimneacha, cuimsitheacha daonlathacha a chothú i gcomhthéacs domhanda dúshlánach. Tacú leis an tsochaí shibhialta agus le cosantóirí chearta an duine, sláine toghcháin a neartú, rannpháirtíocht sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil a fheabhsú, go háirithe do mhná agus don óige príomhthosaíochtaí bheartas eachtrach an Aontais. Tá an comhrac i gcoinne an éillithe, an smacht reachta a neartú, tacú le meáin neamhspleácha iolraíocha agus le sábháilteacht iriseoirí, an bhréagaisnéis a chomhrac agus rannchuidiú le réimse digiteach lena ndéantar cearta an duine agus an daonlathas a choimirciú, fós lárnach i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

7. Leanfaidh an tAontas de chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus de chumhachtú na mban agus na gcailíní agus teachtadh iomlán chearta an duine agus an comhionannas inscne a chur chun cinn mar thosaíocht i ngach réimse gníomhaíochta. Leanfaidh an tAontas de dhul i ngleic le gach cineál idirdhealaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoirmeacha iolracha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus athdhearbhaíonn sé seasamh an Aontais gur réamhchoinníoll é cearta uile an duine a bhaint amach ina n-iomláine má táthar chun forbairt chuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach. Méadóidh aird an Aontais ar ghnó agus ar chearta an duine. Tabharfaidh an tAontas aghaidh freisin ar éifeachtaí an díghrádaithe comhshaoil agus an athraithe aeráide ar chearta an duine.

8. Agus an Plean Gníomhaíochta á chur chun feidhme aige, leanfaidh an tAontas dá dhícheall a dhéanamh comhleanúnachas a bhaint amach agus sineirgí a lorg ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal domhanda. Leanfaidh an tAontas de chomhpháirtíochtaí déthaobhacha a leathnú agus a dhoimhniú agus de chomhghuaillíochtaí trasréigiúnacha nua a thógáil. Leanfaidh an tAontas de sháruithe ar chearta an duine agus de mhí-úsáidí ina leith, de sháruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, d’ionsaithe ar an daonlathas, lena n-áirítear brú faoi chois spás na sochaí sibhialta agus na meán neamhspleách, a cháineadh go láidir. Leanfaidh an tAontas de ghníomhaíocht chun deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós agus chun cuntasacht a neartú agus chun comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta a áirithiú, lena n-áirítear cearta an duine agus an dlí daonnúil, agus i gcás inarb iomchuí, an córas domhanda smachtbhannaí i ndáil le cearta an duine á shlógadh. Cuirfidh an tAontas dlús freisin le hiarrachtaí scéal dearfach a chur chun cinn ina leagtar béim ar na tairbhí iomadúla a bhaineann le cearta an duine agus leis an daonlathas do na geallsealbhóirí uile chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe, leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus le sochaithe comhionanna, éagsúla, iolraíocha cuimsitheacha a chur chun cinn. Féachann an tAontas a bheith ina cheann feadhna trína oibleagáidí féin a chomhlíonadh, trí fhreagairt ar a dhúshláin féin agus trí dhul i ngleic le cur chuige comhtháite ina chuid beartas inmheánach agus seachtrach uile.

9. Agus cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta ag leanúint ar aghaidh, meabhraítear don Chomhairle an ról lárnach atá ag Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine maidir leis an bpróiseas sin a threorú, agus iarrann sí ar chomhpháirtithe ar fud na réigiún uile, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe tacaíochta daonlathais, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gníomhaithe príobháideacha, páirt a ghlacadh in iarrachtaí ar bhonn níos práinní chun cearta an duine agus an daonlathas a chaomhnú agus a chur chun cinn ar fud an domhain.